



ḡuth ḡhoill Coiste Céim Aniar

An Tríú Eagrán

Ohuel a mhuintir seo! Seo chugaidh an tríú eagrán de ḡuth ḡhoill. Tá an Samhradh buailte linn, an aimsir ar dóigh, go maire sé, agus na tráthnóntaí breátha fada as síneadh amach romhainn.

Mar is gnáth, tá fáilte roimh tuairimí ar bith atá agaidh faoi ábhar ar bith, agus má tá rud ar bith le rá as duine ar bith faoin méid atá san eagrán seo, ba mhaithe linn a chluinstin, maith nó olc. - Déan teangeháil linn - Máire Nic Suibhna ('ac fhionnlaoch), Míchéal Mac Laifeartaigh (Míicí Mharcas) nó Fionnghuala Narte (fíol a Níodaí) as Áras Ros Goill, Na Dánaibh - fón : 9154830. Slán ta mail! p.S. An bhfuil sean-phictiúir as duine ar bith?



Coiste Céim Aniar

Reachtáileadh an babhta deireannach de Thráth na gCeist Boird sa tSibín Ceoil oíche Dhéardaoin seo thart agus bhí an-oíche ag achá'n duine. Ba í foireann Theach a' Chuain a bhí sa chéad áit ag deireadh na h-oíche, agus foireann a' tSibín Ceoil 'sna sála orthu 'sa dara na áit. Maith sibh uilig a ghlac páirt fríd na babhtaí uilig! Na ranganna agus na cúrsaí éagsúla go léir a bhí ar siúl in Áras Ros Goill i rith an Gheimhridh agus an Earraigh, tá siad sin uilig críochnaithe go dtí an Fómhar seo chugainn. Ach amach anseo sa tSamhradh beidh cúpla imeacht a reachtáil do'n mhuintir óg – na sonraí ar lth. 2.



samhraidh ann tré mhéan na Gaeilge, an chéad cheann ó'n 14ú go 18ú Meitheamh don aois-



Bhain Ciara Ní Clóde, Scoil Naomh Bríd, duais i gComórtas Ealaíne Texaco. Ba í Vachtarán na hÉireann Máire Mhic Giolla Íosa a bhronn na duaiseanna i mBaile Átha Cliath ar 19ú bealtaine. COMHGHÁIRDEAS.!!

Sa chéad áit, beidh dhá champa samhraidh ann tré mhéan na Gaeilge, an chéad cheann ó'n 14ú go 18ú Meitheamh don aois-ghrúpa 12-15 bliana agus an dara ceann ó'n 28ú Meitheamh go 2ú Iúil don aois-ghrúpa 6-11 bliana. Ansin ar an 14ú Iúil beidh dráma puipéad (puppet-show) ar siúl sa Choláiste Gaeilge, Ros Goill, á thabhairt ag Diarmuid de Faoite, sár-aisteoir agus duine de na príomh-aisteoirí in Ros na Rún. Bhí Diarmuid anseo cheana againn anuraidh, nuair a rinne sé an seó aonair clúiteach bunaithe ar shaoil an scríbhneora cáiliúil, Pádraig Ó Conaire. Bhí teach lán ann an oíche sin agus bhain an lucht féachana an-taitneamh as. Beidh postaeir ar fud na h-áite amach anseo le cur i gcuimhne díbh faoin dráma puipéad. Is cinnte go mbainfidh an t-aos óg sult agus spórt as an ócáid. Beidh cúrsa Gaeilge an C.L.G. ar siúl ó'n 19ú go dtí 'n 24ú Iúil agus cúrsa Gaeilge Cholaiste Ros Goill ó'n 25ú Iúil go dtí 'n 7ú Lunasa.

AN T-ANCAIRE



1. fãinne
2. Ciabhadán
3. zualainn
4. Stoc
5. dealg
6. lorga
7. Spáig
8. bos
9. zob
10. Sciathán
11. Coróin

An tEarrach



Is breá liom an t-Earrach,
Bíonn tuar ceatha dáite le feiceáil sa spéir,
Bíonn bláthanna galánta le feiceáil gach áit,


Bíonn duilleoga úra ag fás ar na crainn.

Is breá lióm an t-Earrach,
Bíonn an aimsir go breá,
Bíonn ainmhithe beaga ag súgradh san fhéir,
Bíonn na héin go léir ag ceol sa spéir.




*Niamh Nic Uiginn,
Scoil Cholmcille,
Duibhlinn Riabhach.*



Rinne na páistí i Scoil Dhuibhlinn Riabhach go h-anmhaith i rith an Charghais nuair a chruinnigh siad €340-00. B'a iad na páistí i ranganna a 4 agus 5 a bhí i mbun cruinniú an airgid. Thóg said an t-airgead do 'Bhóthar', cumann carthanach a chuireann ainmhithe go dtí teaghlaigh san Aifric. Ceannóidh €340-00 gabhar bainne. Bhaist na páistí Sinéad uirthi agus tá shúil acu go bhfuil sí ar a bealach go Tansania cheana féin. Thug Cecily Maloney ó 'Bhothar' cuairt ar an scoil agus bhí sí fíor-buíoch do na tuismitheoirí agus do na páistí as a gcuidiú.




NA DÚNBUIBH



faidir Na Dúnbuibh a ainm ó dhá dhá suite ar bharr Chnoc na Muirleoise. Níl fástha ann ach na hiarsmaí de na sean bhallóga. An trastomhas inmhéandach a bhí aige ná 22 méadar. Bhí sé suite in áit cheannasach a bhfuil raon radhairce i bhfad amach ar an fharraige aige. Is dóiche 50 raibh tábacht mhór ag baint leis mar ionad chosanta don cheantar. Seo cápla pictiúr de áiteanna éagsúla sna dúnbuibh faoi mar a bhí san am a chaidigh thart. Maith nó olc é, tá athrú mór air ó shin.

faidir Na Dúnbuibh a ainm ó dhá dhá suite ar bharr Chnoc na Muirleoise. Níl fástha ann ach na hiarsmaí de na sean bhallóga. An trastomhas inmhéandach a bhí aige ná 22 méadar. Bhí sé suite in áit cheannasach a bhfuil raon radhairce i bhfad amach ar an fharraige aige. Is dóiche 50 raibh tábacht mhór ag baint leis mar ionad chosanta don cheantar. Seo cápla pictiúr de áiteanna éagsúla sna dúnbuibh faoi mar a bhí san am a chaidigh thart. Maith nó olc é, tá athrú mór air ó shin.




Má tá sean - phictiúir saimiála ar bithe aguibhse amaigh ansin, bheadh maith iontach buíoch dá tabharfaid sibh isteach chuainn iad.

CÚPLA SEANFHOCAL:

**Comhairle cholm cille,
Sin an chomhairle chóir,
An rud nach mbaineann
duit,
Ná bain dó.**

*Is maith an t-eolaí deireadh an lae.
Is fearr uaigneas maith ná droch -
chuideachta.
Ní choisfeair cinniúint.
An té a luíonn leis na mađaí, éireoidh sé leis
na dearnađaí.*



Drámaíocht – Fear An Gheaftha

D'éirigh go h-iontach leis an dráma úr-scríofa le Francie Cullen “Fear An Gheaftha”, a bhí ar an ardán ag Aisteoirí Mhíobhaigh le cupla mí anuas. Cuireadh i láthair lucht féachana é cúig uaire ar fad – Rath Cairn Glas na Midhe, Amharclann Ghaóth Dobhair, dhá uair i gcoláiste Ros Goill agus ag an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta ins na Feochanaigh i gCo. Chiarraí. Tá cuireadh faighte ag Aisteoirí Mhíobhaigh fosta an dráma a chur ar siúl le linn Féile Bhéal Feirste ar an 7ú Lúnasa. Má tharlaíonn seo tá an seans ann go gcuirfear ar siúl arís é i gColáiste Ros Goill, ag deireadh Mhí Iúil, dóibh-sean a bheas anseo ag freastal ar na Ranganna Gaeilge.

Tá ard-mholadh tuillte ag Francie. Ní amháin gur scríobh sé an dráma ach ba é an léiritheoir chomh maith agus bhí ceann de na príomhpháirteanna aisteoireachta aige san dráma fosta. Cé go bhfuair Aisteoirí Mhíobhaigh moladh mór as ucht a gcuid aisteoireachta, go h-áirithe nuair nach raibh siad le chéile ach cúpla mí, ba scríobhnóireacht Francie a ba mhó a chuaigh i gcion ar na moltóirí. Mheas siad uilig go raibh cumas iontach scríobhnóireachta ann agus mhol siad go mór dó leanúint ar aghaidh leis. Thaitin an cupla casadh iontach a bhí ag deireadh an dráma agus an usáid a bhain sé as na taibhsí go mór leo. Nuair a scríobh Francie an dráma seo i dtús báire ní raibh súil ar bith na suim ar bith aige é a chuir isteach ar chomórtas. Mar a dúirt sé fhéin – “Scríobh mé an dráma do mhuintir na h-áite, bhí a fhios agam go dtuigfeadh siad an scéal, go mbeadh suim acu san athrú saol atá ag teach leis na blianta agus go dtaitneodh an greann leo.” Fuair sé achan rud i gceart mar ní raibh dream ar bith a bhain oiread sult amach as an dráma le muintir na h-áite féin agus níl amhras ar bith na gurbh í gColáiste Ros Goill a fuair na h-aisteoirí an sásamh a ba mhó. Proinsias Ó h-Oireachtaigh (Frank Pháidí Mhánais) a chomhairligh do Francie an dráma a chur isteach ar an Chomórtas Náisiúnta Drámaíochta agus nach maith an rud go dtear – cháiligh an dráma don Fhéile Náisiúnta agus fuair Aisteoirí Mhíobhaigh an deis deireadh seachtaine iontach thaitneamhach a bheith acu i nGaeltacht Chiarraí. Ach níos tábhachtaigh na sin chonaic Francie do fhéin go raibh sé abalta ó thaobh na scríobhnóireachta de coimhlint ar an ardán ab aoirde.

Chuir muintir Chorca Dhuibhne an-fháilte roimh bhunadh Ros Goill agus bhí siad fial flaithiúil leo ar feadh na deireadh seachtaine. Thaitin “Fear An Gheaftha” go mór leo mar gur aithin siad go maith mar bhunadh Gaeltachta an saol a bhí léirithe sa dráma. Níl “Fear Geaftha” acu san chuid sin den tír agus ceann de na h-oícheanta a raibh na h-aisteoirí sa teach Óstais rinne an scríobhnóir agus an bocsadóir clúiteach Maidhc Dainín ó Seágha iarracht a mhíniú do scaifte d’Aisteoirí Mhíobhaigh go raibh ‘Fear Uisce’ acusan, ach idir deacrachtaí canúna agus barraíocht piontaí cailleadh an scéal sa cheol agus sa ghleo!

Bhí Frank Pháidí Mhánais leis na h-aisteoirí chuig chuile léiriú den dráma. Tá Frank go mór istigh sa drámaíocht le blianta agus tá sé anois ina Chathaoirleach ar an Chomhlachas Náisiúnta Drámaíochta. Ba é a bhí mar stiúrthóir soilse agus dar ndóigh thug sé cuid mhór comhairle fosta faoi ghnoithí a bhain leis an chomórtas fhéin. Cosúil le imeachtaí eile den t-saghas seo ní féidir gníomhú gan airgead agus mar sin de tá Aisteoirí Mhíobhaigh iontach buíoch do Chéim Aniar mar gur thit sé orthusan a theacht ar na foinse airgid. Ach i ndáiríre ní raibh ach cúpla foinse ann. Tá Céim Aniar iontach buíoch d’Údaras na Gaeltachta, d’Ealaíon na Gaeltachta agus don Rannóg Cultúrtha i

Aisteoirí Mhíobhaigh iontach buíoch do Chéim Aniar mar gur thit sé orthusan a theacht ar na foinsí airgid. Ach i ndáiríre ní raibh ach cúpla foinse ann. Tá Céim Aniar iontach buíoch d'Údarás na Gaeltachta, d'Ealaíon na Gaeltachta agus don Rannóg Cultúrtha i gComhairle Contae Dhún na nGall. Tá ard mholadh tuillte acu uilig as ucht a gcuid maoiniú. Focal spéisialta molta do Shéamas Ó Gallchóir, oifigeach Teanga agus Cultúir An Údaráis atá i gcónaí fá réir lena chomhairle, lena tha-caoíocht agus lena spreagadh.

Tá súil againn uilig go mbeidh Francie thart i gcónaí le tuilleadh drámaí a

Tá súil againn uilig go mbeidh Francie thart i gcónaí le tuilleadh drámaí a scríobh agus a léiriú, ní amháin do dhaoine fásta, ach don aos óg agus do dhéagóirí chomh maith, agus nach fada uainn an lá go bhfaighidh a chumas scríobhnóireachta an t-aitheantas atá tuillte aige.



Má tá tú ag iarraidh teangmhail a dhéanamh le Fíona nó Caitlín ag Céim Aniar seo an uimhir úr fón **9154830** as seo amach!!

Cúrsa láimseáil bádaí:
Eagróidh Ionad Acmhainne Mhíobhaigh cúrsa ar láimhseáil bádaí má tá go leor suime ina leithéid. Cúrsa aitheanta 2 lá nó 4 oíche (Cumann Seoltóireachta na h-Éireann Leibhéal a 2). Teagasc i ngrúpaí de thriúr. Costas €270-00 an duine. Déan teangmhail leis an Ionad Acmhainne ag 9155055.

Seo cupla ramais ón t-sean am, b'fheidir na bhfuil na focal ceart ach is docha go bhfuil fhios ag duine éigin na focla ceart. Cuir muid ar an eolas.

ΛΑΡΑΡΟΣ, ΛΕΙΡΙΓΗΜ, ΒΙΑ ΑΝ ΛΕΟΝ,
ΛΕΟΝ ΑΝ ΠΡΕΑΒΑΧ, ΠΡΕΑΒΑΧ ΣΑΥΙΛΛΕ,
ΣΑΥΙΛΛ ΝΑ ΣΑΙΚ, ΣΑΙΚ ΝΑ ΜΕΑΛΛΑ,
CΟΣ ΛΑΥΙΘΗ, ΛΑΥΙΘΗ ΛΕΙCΕ,
ΒΑΥΙΛΛΕ ΒΕΑC ΑΡ ΒΗΑΡΡ ΝΑ ΣΛΑΤΑ,
ΣΑΥΙ ΙCΤΕΑΧ ΑΝ ΠΛΑΙCΕ.

ΜΑΙΔΕ ΒΡΙCΤΕ, ΙΑΡΑΝΝ CΑΙΤΕ,
CΑΙΤΕ ΑΝ ΦΟΛΑΧ, ΦΟΛΑΧ ΠΗΙΟΡΑ,
ΜΑC ΑΝ ΝΙ ΑCΥC ΜΑC ΑΝ ΦΗΔ,
ΟΡΑΝΝ, ΟΡΑΝΝ ΝΑ CΟΙCΕ,
ΙΟCΑ ΠΙCΕ, ΤΗΑΛΛ ΙC ΑΒΗCΑC,
CΡΥΠ ΙCΤΕΑΧ ΑΝ ΦΗΕΑΔΟΣ.



Seo pictiúr foirne na gcaillíní a ghlac páirt ins na Mini 7's sa pharóiste seo.

Sraith Chúl:

Mandy Nic Giolla Bhríde, Nicola Nic Fhionnghaile, Amy Nic Giolla Bhríde, Siúin Róise Ní Ghallchoir, Eimear Ní Bhuaidhe.


Sraith Tosach:

Ciara Ní Clíode, Roisín Ní Mhartín, Grainne Ní Ghallchóir.

MO SHEANATHAIR

Rugadh mo sheanathair i 1933 sa bhaile i Ros na Binne sna Dúnaibh. Peadar Ó Sibhleáin is ainm dó. Bhí ochtar ina chlann agus eisean an duine is óige. Chuaigh sé go dtí Scoil Chean an Leargáí agus nuair a dhruid an scoil sin bhog sé go dtí Scoil Mhíobhuí.

D'imir sepeil le foireann na nDúnaibh ó 1955 go 1962. Ba é an captaen ar feadh an ama seo uilig. D'imir sé 'full back'. Bhain an fhoireann seo an 'Junior Championship in 1957'. Tháinig an Craoslach, Na Dúnaibh agus Dunfanaghy le chéile i rith na caoga daí agus tugadh 'Sheephaven Harps' orthu agus d'imir se




dóbhtha fosta. Deireann cuid mhór daoine gur peileadóir an-mhaith a bhí ann.

D'obair sé i 'mBádchlos Mhíobhuí' ar feadh roinnt blianta agus nuair a dhfag se thosaigh se ghnó féin ag tógáil bádaí. Bhí suim mhór aige sna bádaí agus san iascaireacht freisin. Chuir sé isteach a sheal ag iascaireacht le 'Charlie Bán' fear cheile a dheirfiúr Máire agus 'John Lynagh' deartháir a bhean céile. Thóg sé 16 bádaí in iomlán, agus d'ainmigh sé trúir acu i ndiaidh a iníonacha. Ba iad an 'Girl Afric', 'Girl Catriona' agus 'Girl Olivia'. Bhí cúpla fear ón ait ag obair leis i rith an ama agus is mór an trua go raibh air stopadh. Bhí se deacair ag na custaiméirí airgead a fháil ón Rialtas le cuidiú leo na bádaí a chéannacht agus mar sin de ní raibh na hordaithe ag teacht isteach chuig m'athair mór.

Phós sé a bhean chéile Máire i 1961 agus cé nach raibh na hamanna go maith uaireanta thóg siad clann de dheichúr, seacht gcailíní agus triúr gasúr. Is í mo mháthair Gráinne duine de na cailíní sin agus is duine de cúpla í.

Conchúir Ó Siail

Scéal Ned Uí Ghallchóir



Tá Ned Ó Gallchóir, ná Ned Charlie Mhicí Eoghain ceithre scór bliain agus é ina chonaí thoir ar an Raplach, áit ghalanta, ar amharc chuan álainn na Maoile Ruaidhe. Charlie Mhicí Eoghain as an Ardbán athair agus Madgie Carraigh as Doire an Chasáin a mháthair.

Tá cuimhne ghéar fhada aige agus é breá abálta do-na aois. Chuaigh mé ar cuairt chuige Dé Domhnaigh, mar ba ghnáth liom a dhéanamh san t-sean am,

agus chuir sé fíor chaoin fáilte rómham, agus é ag cur cnapán mór feola isteach le rósadh don dinnéar.

Chaith Ned cuid mhór dona shaol ag iascaireacht bradáin. Ba ghnáth leis gliomaí a iascaireacht fosta sa Mhaol Ruaidh. An chuimhne is faide siar atá ag Ned, ná do Phádraig Shéamuis (Paddy Logue) go ndéanfaidh Dia a'mhaith air, a bhíodh amuigh sa chuan. Oíche chreathnach stoirmiúil a bhí ann. Chuaigh Pádraig amach (mar b'é an stiúrtheoir) chun bád mór an chruithneachtan a threoiríú go Baile na nGallóglach, áit a raibh muileann an phlúir. Bhí Pádraig ag gabhail óna churrach go dtí an bád mór, agus cibí caidé a tharla, chuaigh sé sa lán mhara agus scuabadh ar shiúl é. Bhí croíthe cráite agus briste ar fud na háite, is cuimhneach leis, agus léar daoine ag caoineadh. Ní raibh Ned ach ina ghasúr san am, ach chuir sé isteach go mór air. Lean mac Phádraig, sé sin, Johnny don stiúiriú, ina dhiaidh. Níl bádaí móra ar bith ag gabhail go Baile na nGallóglach anois, agus níl muileann plúr ann, ach oiread.

Nuair a d'fhág Ned an scoil chaith sé cúpla bliain ag obair sa bhaile, ag talamháíocht agus ag tógáil ainmhithe. Bhí am léanar cruaidh bocht ann san am. Bhí aon duine dhéag i dteaghlach Ned. Bhainfeadh siad an mhóin thall i bhFanaid. Rachfadh siad trasna na Maoile Ruaidhe i gcurrach, an t-asal ag snámh ina dhiaidh – fear cúl an churraí éastaí aige ar an asal le í a threorú. D'fhágfadh siad an t-asal, na cléibh, an t-úrú agus gach rud thall, fhad is bhéadh siad ag sábháil na móna. Nuair a bhíodh sí tirim, thabharfadh siad na bhaile sna currachaí í. B'sin obair. Is dóiche go bhfuil cuid agaibh nach dtuigeann cén gá a bhí leis an asal – ta, leis an mhóin a iompar amach chuig an bhád.

Le linn an chogaigh bhí muintir na h-Éireann dá mealladh go hAlbain le obair feirme a dhéanamh, mar bhí muintir na hAlban uilig ar shiúl ag troid sa chogadh. D'imigh Ned anonn. Ar bhád Dhoire a chuaigh sé, agus in éineacht leis bhí Brianaí Nothaí, Hughie beag, Hughie Mhánuis agus Charlie Dhónail Ghráinne. Bhí hostel mór ann, ar a dtabharfadh siad 'Bothy' agus is ansin a bhí lóistín acu. Achan lá thiocfadh lorraí mór agus thugtaí iad amach chuig feirm éigint, D'oibreoidh siad ansin ar feadh an lae

Chaith Ned tamall maith ag obair ins na tonnáil. Obair mhaslach dainséarach mí-shláintiúil a bhí ann ach bhí an t-airgead maith. maraíodh fear dona chuid comradaí go

agus lá thar na mhárach, b'fhéidir go dtugtaí iad áit éigint eile. Conradh sé mhí a bhí acu agus nuair a bhí an t-am istigh, d'imigh Ned go Fife, áit a bhfuair sé obair ar a lon-taibh fhéin.

Chaith Ned tamall maith ag obair ins na tonnáil. Obair mhaslach dainséarach mhí-shláintiúil a bhí ann ach bhí an t-airgead maith. Maraíodh fear dona chuid comradaí go timpisteach ionta, rud a chuir crá croí mór air – fear óg críonna steadáilte as Gort a' Choirce, a dtug siad Jimmy Duggan air.

Sé bliana a chaith Ned i n-Albain sula dtáinig sé abhaile don chéad uair. D'fhan sé sa bhaile sé mhí, ach cha raibh a dhath oibre le fáil fán áit agus d'imigh sé ar ais go Albain. D'obair sé sna Damanna Hydro agus scaglann ola agus mar sin de.

Casadh Marjorie Coll as Gaoth Dobhair air i nDundee. Thit siad i ngrá agus pósadh iad sa bhliain 1957. Rugadh mac dóibh ansin – Charlie. Cúpla bliain ina dhiaidh sin phill sé, agus chuir siad futha i nGaoth Dobhair. Ach is é mo mhairg a rá, fuair Marjorie bás go tobann sa bhliain 1971, go ndéanfaidh Dia a'mhaith uirthi. Ina dhiaidh sin, phill Ned agus a mhac Charlie, go dtí an Raplach, áit a bhfuil conaí sona sásta ortha go fóill.



Banna Ceoil

**Scoil Cholmcille,
Duibhlinn Riabhach.**

**Banna ceoil Scoil Cholmcille,
Duibhlinn Riabhach a bhí ag mairseáil i gCARRAIG AIRT LÁ 'Le RÁDRAIS agus DOMHNACH CÁSCA I mbliana.**

Thaíodh an banna ceoil sa scoil sa bhliain 1973 agus bíonn iad daltaí scoile agus iar-scoil léirí ann. Thlac siad páirt sa pharáid i Leitir Ceardainn Lá 'Le RÁDRAIS I mbliana fosta.



CÁ BHFUIL SIBH ANOIS – 13ú Iúil 1952

Scríobh chugainn ag tabhairt cunntais ar do shaol ó'n am a bhí tú sa Bhuíon Ceoil – nó ag tabhairt cunntais ar bheatha dhuine éigin as an Bhuíon ceoil sin.



An
to-

líne

saigh, clé go deas:

Cathal Mac Giolla Bhríde (Charlie Lynagh), Seán Mac Giolla Cheara (John Mharie), Pádraig Ó Brodalaigh (Pádraig Andy Bhodaigh) Eamon Mac Giolla Bhríde (Eddie Dhonnchaidh Jimmy), Pádraig Ó Gallchóir (Paddy Simon), Seosamh Ó Buadhaigh (Joseph Boyce), Seosamh Ó Gallchóir (Josie Jimmy Mhicí), Donnchadh Mac Giolla Bhríde (Dennis Danny), Cathal Mac Giolla Chara (Charlie Bhrianaí), Seán Mac Pháidín (John Mhicí Mhícheáil).

An dara líne:

Seán Ó Buadhaigh (John Ned), Mícheál Mac Fhionnghaile (Micí Mháire), Mícheál Mac Laifeartaigh (Micí Mharcuis), Síle Ní Ghallchóir (Síle Mhicí Ned Ruairí), Mairéad Nic Ruairí (Peggy Sheimí), Máire Nic Pháidín (Máire Rua Mhícheáil), Maureen Ní Bhuaidhigh (Maureen Boyce), Cristín Ní Chearoláin (Christine Carolan), Áine Nic Ruairí (Nancy Shéimí), Pádraigín Nic Giolla Bhríde (Patsy Danny), Sadhbha Nic Giolla Bhríde (Dody Mhicí Sophie), Bríd Nic Giolla Bhríde (Bríd Mhicí Sophie), Máire Áine Nic Giolla Bhríde (Mary Ann Faoin Bhinn).


An tríú líne, clé go deas:

Máire S. Nic Giolla Bhríde (Máire Dhónaill Beag), Máire Nic Rodaigh , Máire Nic Giolla Bhríde (Mary Danny), Bríd Nic Pháidín (Bríd Mhicí Mhícheáil), Cáit Nic Rodaigh (Katie Nic Rodaigh), Eamon Mac Giolla Bhríde (Ned Mhánuis), Muiris Mac Aodha (Muiris'ac Aodh), Philip Ó Buadhaigh (Philip Boyce – Easbog), Máire Nic an tSasanaigh (Mary Mc Atasney), Eibhlín Ní Oireachtaigh (Nelly Bhrianaí) Sorcha Ní Chathasaigh (Sarah Casey), Áine Nic an tSasanaigh (Ánnie Mc Atasney), Finola Nic Pháidín (Finola Hiúdaí).

An líne cúil:

Seosamh Ó Cuinn (Joe Quinn), Séamus Mac Ruairí (Jimmy Rodgers – Ceannaire), Séamus Ó Oireachtaigh (Jimmy Bhrianaí), Máire Nic Ruairí (Máire Shéimí), Damhnaít Nic Pháidín (Dympna Hiúdaí), Anton Mac Giolla Bhríde (Anton Mhicí), Séamus Ó Siadhail (Jimmy John Pháidí), Seirse Ó Dochartaigh (George Doherty), Seán Mac Pháidín (Jack – Oide Scoile).

As Láthair an lá sin mar go bhfuair a máthair mór bás – Máire, Nóra agus Philomena Nic Fhionnghaile.



I bhFolach

Chuardaigh siad mé gach uile áit,
Ar chúl an tí, istigh sa pháirc,
Tríd na sceacha, amuigh sa chlós,
Is bheidís do mo lorg fós.

‘Sea, ceapaim nach bhfaighfí mé go deo,
Ach amháin gur chaith mé dearcáin leo,
Ansin chonaic siad mé ag déanamh grinn
Ag féachaint anuas ó bharr an chrainn.

Aislinn Nic Giolla Chearra
Rang a 5.
Scoil Naomh Bríd,
Na Dúnalbh.

ROS GOILL na d'IONN

CÚRFA

TRUA NACH IMEACHT SIAR A BHEAS MÉ 'MBLIANA,
SO D'É 'N ÁIT A bhfuighfinn daoine thózfaodh cian domh,
'n áit a mbínn a'z éisteacht le ceiliúr an éanlaithe
'S mé a'z siúl fá do chladaí, caoin Ros Goill na d'IONN.

A'z taisteal domh síos go Leitir Ceannainn,
'S AS SIN SÍOS ARÍS GO CILL MIC NÉANAINN,
Bheadh mo chroí 'stigh a'z éisteacht le binn-zhuth mo leannáin
TÁ 'NA CÓNÁI COIS CLADAIGH CAOIN ROS GOILL NA D'IONN.

Thul thart le TRÁ MÓR domh 's le Ros na Binne,
Bheadh an mhuir mhór 's na cuantaí 'na luí mar zhloine,
Bheadh an mhucáis mhór álainn le maorzacht 's le finne,
'CUR MAIS AR DO CHLADAÍ, 'CAOIN ROS GOILL NA D'IONN.

Shiúlfainn a' Mhuirleoz is Daile 'n tSléibhe,
An Learzán Riabhach is Ailt a' Chaoráin,
Thul síos TRÁ NA ROSANN bhéinn a'z DRANDÁN GO HAERACH
'S mé ARAIS fá do chladaí caoin Ros Goill na d'IONN.

Bheadh fáilte a'z fanacht liom thíos fá Thumhaigh,
'S fá na tráizheannaí órza fá'n mhór-Mhaol Ruaidh,
Cha silim don deor le brón nó le cumhaidh
Ach le bród as do chladaí caoin Ros Goill na d'IONN.

'S AN UAIR A BHEAS NA CNÁMHA seo caithte spionta,
Ná síleadh mo chairde na deora caointe,
Ach ólaidí, ceolaidí 's fáidí mé sínte
Faoi na fóide cois cladaigh caoin Ros Goill na d'IONN.

CÚRFA

Dán agus amhrán é seo a scríobh Brian Ó Maoileoin in 1968 a'z moladh áilleacht na leithinse agus flaitiúlacht a muintire. Sa bhliain 1953 a tháinig Brian go Ros Goill don chéad uair, le freastal ar an Choláiste Shaeilze, agus achan bhliain ina dhiaidh sin bhí sé ar ais, a'z fanacht ar a' Mhuirleoz a'z John Oinis agus a bhean Margaret, agus níos moille, a'z Néidí Niúdaí agus a bhean Magsie. Nuair a pósadh é féin agus Caitlín sa bhliain 1961 ba go Ros Goill a tháinig siad ar mhí na meala. Agus achan Samhradh ina dhiaidh sin bhí siad ar ais, go dtí 1968 nuair a fuair Brian post múinteoireachta sa Chéinia san Aifric Thoir. Ba seo an chéad Samhradh le cúiz bliana déas nach mbeadh sé a'z thul siar agus seo é an rud a spreas an t-amhrán.



Declan Ó Dubhaigh

Maidin De Luain an 10ú Bealtaine nuair a chuaigh an scéala trágóideach amach fã bháthá Declan i Loch A's Alt rinneadh an paróiste a chroitheadh as an suan ina raibh sé agus shuigh néal trom dorcha ós a chionn, néal nach nglanfas go cionn fada go leor. Óar ndóigh ní seo an chéad néal dorcha a shuigh ós cionn an pharóiste agus ar an droch uair dáinn uilig ní hé an ceann deireannach é ach bíonn an buille a buailtear i gcónaí tioránta.

Is tubaiste mhór atá ann i gcónaí nuair a cailtear daoine óga. Ní raibh Declan ach scór bliain d'aois, fear óg ag dul i gcionn an t-saoil. Bhí a thórramh ar an Chéadlaois ar thórramh chomh mór is a bhí sa pharóiste seo ariamh. Go minic i saol an lae inniú bheadh sé furasta go leor sílstin nach raibh na ceangail thraidisiúnta pobail sa cheantar chomh laidir agus ba ghnáth leo a bheith. Ach thaispeáin tórramh Declan gur a mhalairt atá fíor nuair a thug aos óg an cheantair an ceannaireacht agus sheas an pobal sualaíonn ar ghualaíonn lena mbrón fhéin a char in iúl agus lena dtacaíocht a thaispeáint do theaghlach a bhí croí-bhriste ag an buille trom a buileadh orthu.

Cé go bhfuair Declan bás óg bhí cuid mhór curtha isteach aige ins na blianta goirde a chaith sé inar measc. Bhí a chroí sa pheil agus d'imir sé é le díogras agus le paisean. D'imir sé do C.L.G. na nDúnaibh in achan ghrádo, do Chreamhghort Aontaithe i sraith sacair na Contae, agus ina óige bhí sé gníomhach sa lúthchleasaíocht agus bhí sé ina bhall de club lúthchleasaíochta Creamhghoirte.

Bhí ardochas peile i Declan agus ba é an chéad chartaen faoi-aois sna Dúnaibh a fuair a chuid lámha ar chorón faoi-aois. Ba seo an fhoireann faoi-14 a bhain Craobh na Contae 1997. Bhí sé ag imirt d'fhoireann sinsir an chumainn ó bhí sé sé bliana déag ann. Cúpla seachtain ó shin fhéin, i gcluiche ceannais Comórtas Peile na Gaeltachta ba Declan a fuair an cúl i ndiaidh seacht mbomaite a char na Dúnaibh ar an bhealach go dtí an Comórtas Náisiúnta. Uheadh sé ag imirt ina thriú Comórtas Náisiúnta agus gan é go fóill ach scór bliana d'aois. Rinne sé a chuid fhéin d'uimhir 5 agus ní dhéanfar dearmad ar na ruathair aonair suas taobh na páirce a bhí mar pháirt mhór dena chuid imirte. I mbliana bhí sé ag imirt an pheil ab fhearr a d'imir sé go dtí seo.

De thairbhe an phearsantacht tharraingteach a bhí aige bhí a lán cairde aige. Bhí sé nadoúrtha, máinte, muiníneach agus lán grinn agus fuair sé ar aghaidh le achan duine. Dhéanfaidh peileadóirí na nDúnaibh é a chrothnú uatha go mór mar phearsa agus mar imreoir. Gáimis uilig go ndéanfaidh Dia an teaghlach a threorú fríó na laethanta dorcha seo agus go gcuideoidh sé an t-ualach trom atá ar a nsualaíneacha a laghdú. A Declan ar dheis Dé go raibh d'anam óg, uasal, dílis.

